



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

ARDTEISTIMÉIREACHT 2009

SCÉIM MHARCÁLA

GAEILGE

ARDLEIBHÉAL



Coimisiún na Scrúduithe Stáit
State Examinations Commission

AN ARDTEISTIMÉIREACHT 2009

SCÉIM MHARCÁLA

GAEILGE

ARDLEIBHÉAL

GAEILGE

ARDTEISTIMÉIREACHT, ARDLEIBHÉAL

SCÉIM MHARCÁLA

PÁIPÉAR I (170 marc)

CEIST 1	- CEAPADÓIREACHT -	100 marc
---------	--------------------	----------

- (a) Ionramháil Ábhair = 20 marc
{
(b) Cumas Gaeilge = 80 marc } 20 + 80 = 100

[Cumas Gaeilge = (i) fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra, móide
(ii) beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na
Gaeilge.]

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 20 (Ábhar) agus an marc a bhronntar as 80 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir ag bun na hiarrachta ceapadóireachta

AN CHEAPADÓIREACHT

Gnéithe a bhaineann leis an marcáil

Cé go bhfuil dhá roinn (.i. cumas Gaeilge agus ionramháil ábhair) ag baint leis an gcóras marcála atá ag gabháil leis an gCeapadóireacht, moltar measúnú a dhéanamh ar iarracht an iarrthóra mar aonad.

Cumas Gaeilge (80marc) = (1)fairsinge agus saibhreas Stór Gaeilge an iarrthóra móide
(2)beachtas maidir le máistreacht cruinnúsáide ar na príomhghnéithe de cheart na Gaeilge.

[Príomhghnéithe na Gaeilge = gramadach*, comhréir*, struchtúr, deilbhíocht]

*Agus na mórghotúin á “marcáil” le peann dearg níor mhór go mbeifí in ann an difríocht a aithint idir botúin mhóra comhréire agus mionbhotúin ghramadaí.

Aicme	Grád/Grád Raon	(1) Stór Gaeilge + (2) Beachtas/Cruinnúsáid
-------	----------------	--

A

- | | | |
|--|--------------------|--------------------------|
| (1) Foclóir-F. agus S.
an-mhaith ar fad- sármhaith | A ard
A meánach | 76-80 marc
72-75 marc |
| (2) Cruinneas an-mhaith ar fad- sármhaith (den chuid is mó) | A íseal | 68- 71 marc |
-

B

- | | | |
|---|--------------------|--------------------------|
| (1) Foclóir-F. agus S.
an-mhaith | B ard
B meánach | 64-67 marc
60-63 marc |
| (2) Cruinneas
an-mhaith (den chuid is mó) | B íseal | 56-59 marc |
-

C

- | | | |
|---|--------------------|--------------------------|
| (1) Foclóir-F. agus S.
maith | C ard
C meánach | 52-55 marc
48-51 marc |
| (2) Cruinneas
maith (den chuid is mó) | C íseal | 44-47 marc |
-

D

- | | | |
|---|--------------------|--------------------------|
| (1) Foclóir-F. agus S.
measartha | D ard
D meánach | 40-42 marc
36-39 marc |
| (2) Cruinneas
measartha (den chuid is mó) | D íseal | 32-35 marc |
-

E

- | | | |
|---|--------------------|--------------------------|
| (1) Foclóir- F. agus S.
lag | E ard
E meánach | 28-31 marc
24-27 marc |
| (2) Cruinneas
lag (den chuid is mó) | E íseal | 20-23 marc |
-

F agus N/G

- | | | |
|---|---------------------------------|-----------------------------------|
| (1) Foclóir-F. agus S.
an-lag | F ard
F meanach | 16-19 marc
12-15 marc |
| (2) Cruinneas
an-lag | F íseal
N/G ard
N/G íseal | 8-11 marc
4-7 marc
0-3 marc |
-

Ionramháil Ábhair = (20 marc)

Ba cheart an roinn seo a mheas agus tagairt á dhéanamh do Chumas na Gaeilge.

Ó tharla gurb í an teanga an chóir iompair atá ag na smaointe, bíonn coibhneas i gcónaí idir an Cumas Gaeilge agus Ionramháil an Ábhair. Má bhíonn an chóir iompair fabhtach titfidh an tóin as na smaointe agus caillfidh na smaointe a n-éifeacht. Bíonn sé deacair na smaointe a aimsiú má bhíonn an Ghaeilge lag nó bearnach. Is í an mháistreacht ar an teanga leis na smaointe a ionramháil is tábhachtaí ó thaobh grádú na ceapadóireachta de.

Aicme	Grád	Marc
Ionramháil an-mhaith ar fad → sármhaith	<u>A</u>	17, 18, 19, 20 marc
Ionramháil an-mhaith	<u>B</u>	14, 15, 16 marc
Ionramháil mhaith	<u>C</u>	11, 12, 13 marc
Ionramháil mheasartha	<u>D</u>	8, 9, 10 marc
Ionramháil lag	<u>E</u>	5, 6, 7 marc
Ionramháil an-lag	<u>F/NG</u>	0, 1, 2, 3, 4 marc

CEIST 2

- LÉAMHTHUISCINT -

70 marc

- Dhá rud i gceist i marcáil na bhfreagraí léamhthuisceana: **Eolas + Ionramháil**
- Eolas + Ionramháil...mar shampla... $2+1=2$ mharc ar eolas cruinn +1 mharc ar ionramháil nó $2+0=2$ mharc ar eolas cruinn+0 ar ionramháil toisc go raibh an freagra ceart ach é tógtha díreach ón léamhthuisicint.
- Is ionann “ionramháil” agus ceann de mhórfhocaíl an fhreagra a chur nó a mhíniú i bhfoca(i)l eile...ní leor ord na bhfocal a chasadh timpeall chun an marc a bhronnadh ar ionramháil san fhreagra nó ní leor sé/sí/siad a chur in ionad ainmfhocal.
- Ní mór mionbhriseadh marcanna a thaispeáint sa script agus tú ag marcáil na bhfreagraí.
- Má lorgáítear **dhá phointe eolais** nó **dhá thréith** nó **dhá rud**, cuir **P1** nó **T1** nó **R1** in aice leis an gcéad cheann cruinn san fhreagra agus **P2** nó **T2** nó **R2** in aice leis an dara ceann san fhreagra.
- Má bhíonn dhá phointe eolais ag teastáil i bhfreagra, seo a leanas mar a léirítear na marcanna....

4 mharc ar an bhfreagra: 2mharc +1 mharc +1 mharc
P1 + P2 + Ionramháil

- 2 phointe eolais: ní lorgáítear ionramháil ach ar phointe eolais amháin....má dhéantar ionramháil ar phointe eolais amháin bronn an marc ar an ionramháil.
- De réir mar a léann tú na freagraí, caithfidh tú na mórbotúin sa Ghaeilge a shoiléiriú trí líne dhearg a tharraingt faoin míchruinneas. Nuair a bheidh na freagraí ar fad ar Léamhthuiscint 2A ceartaithe agat, déanfaidh tú breithiúnas ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí. Mar an gcéanna i gcás na bhfreagraí i Léamhthuiscint 2B.

A (35 mharc)

- | | |
|--------------|---|
| (i) | (a) Fáth amháin a mbíonn daoine ag tuar bhás na nGaeltachtaí = 3 mharc; |
| | (b) Dhá phíosca eolais faoin nGaeltacht nua i gCeanada = 4 mharc |
| (ii) | (a) Baint a bhí ag Séamas Mac Con Carraige leis an nGaeilge = 3 mharc |
| | (b) Dhá rud a spreag Séamas agus Aralt le Gaeltacht nua a bhunú = 4 mharc |
| (iii) | (a) An rud a d'fhoghlaim Aralt ón arm a chabhraigh leis an togra = 3 mharc |
| | (b) Dhá thréith a bhaineann le hAralt mar dhuine = 4 mharc |
| (iv) | (a) Rud amháin a rinneadh leis an togra a chur chun cinn = 3 mharc |
| | (b) An bhaint a bhí ag Tomás Mac Gearailt leis an togra = 4 mharc |
| (v) | (a) Plean amháin a bhí ag an ngrúpa don suíomh = 3 mharc |
| | (b) An tábhacht a bhain le Gaeltachtaí agus le lárionaid Ghaeilge = 4 mharc |

$$3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 = 35 \text{ mharc.}$$

[Gaeilge lochtach: 0 - 3 a bhaint den iomlán a gnóthaíodh.]

Léamhthuiscint 2A

1(a) Luaigh fáth amháin a mbíonn daoine ag tuar bhás na nGaeltachtaí. (Alt 1) (3 mharc) (2+1)

An freagra díreach as an sliocht, gan ionramháil (cló rómhánach)

“ar an ábhar go bhfuil siad scoite amach ó na bailte móra” **nó** “faoi bhrú leanúnach ag an mBéarla”.

An freagra agus ionramháil déanta ag an iarrthóir air (cló iodálach)

*...toisc go bhfuil na Gaeltachtaí scartha/gearrtha amach ó na bailte móra **nó** go mbíonn siad faoi anáil/thionchar an Bhéarla an t-am ar fad.*

1(b) Tabhair dhá phíosa eolais faoin nGaeltacht nua i gCeanada. (Alt 1) (4 mharc) (2 +1+1)

- (i) “Cad é mar dhea-scéal é, dá bhri sin, a chloisteáil go bhfuil Gaeltacht nua tar éis teacht ar an saol i gCeanada.”
- (ii) “Osclaíodh an Ghaeltacht nua seo in Erinsville.”
- (iii) “Osclaíodh an Ghaeltacht nua seo dhá bhliain ó shin” **nó** “Osclaíodh an Ghaeltacht nua ar an 18 Meitheamh 2007”.
- (iv) “Suíomh sceirdiúil álainn atá ag an nGaeltacht nua”.
- (v) Tá an Ghaeltacht nua “suite ar sheasca acra talún”.
- (vi) Tá an Ghaeltacht nua “daichead míle ó Kingston” **nó** tá an Ghaeltacht nua “leathbhealach idir Toronto agus Ottawa”.
- (vii) “Ba é Séamas Mac Con Carraige, a raibh Gaeilge ag a thuismitheoirí, a chuir an smaoineamh chun tosaigh an chéad uair” (breis agus deich mbliana ó shin).
- (viii) “Is é Aralt Mac Giolla Chainnigh a chuir an togra i gcrích”.

- (i) *Is cúis áthais é go bhfuil Gaeltacht nua bunaithe i gCeanada.*
- (ii) *Bunaíodh an Ghaeltacht nua in Erinsville.*
- (iii) *Bunaíodh an Ghaeltacht nua dhá bhliain ó shin **nó** cuireadh tús leis an nGaeltacht nua ar an 18 Meitheamh 2007.*
- (iv) *Tá an Ghaeltacht suite i gceantar iargúlta deas.*
- (v) *Suíomh seasca acra talún atá ag an nGaeltacht nua.*
- (vi) *Tá an Ghaeltacht nua lonnaithe daichead míle ó Kingston **nó** tá an Ghaeltacht leathshlí idir Toronto agus Ottawa.*
- (vii) *Ba é Séamas Mac Con Carraige a chuimhnigh ar an bplean don chéad uair.*
- (viii) *Chuir Aralt Mac Giolla Chainnigh an tionscnamh chun cinn.*

2(a) Cén bhaint a bhí ag Séamas Mac Con Carraige leis an nGaeilge? (Alt 2) (3 mharc) (3 mharc gan ionramháil)

“Bhunaigh Séamas Mac Con Carraige Cumann na Gaeltachta in Kingston” **nó** “Bhí Gaeilge ó dhúchas ag a theaghlach siúd” **nó** “cuirtear síos dá sheanathair gurbh é an cainteoir deireanach Gaeilge i gContae Shligigh é.”

“Spreagadh an bheirt acu le tabhairt faoin nGaeltacht nua seo a bhunú nuair a chonaic siad an spiorad agus an díograis a bhí i bpobal Gaeilge Cape Breton ar chósta thoir Cheanada”.
(3 - 1 = 2 mharc)

nó

“Ba spreagadh mór dóibh freisin na cumainn Ghaeilge éagsúla agus brainsí de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann atá ag obair go dícheallach ar fud an cheantair”.(3-1=2 mharc)

2(b) Luaigh dhá rud a spreag Séamas agus Aralt le Gaeltacht nua a bhunú. (Alt 2)
(4 mharc) (2+ 1 +1)

- (i) “Chonaic siad an spiorad agus an díograis a bhí i bpobal Gaeilge Cape Breton”. (ar chósta thoir Cheanada).
- (ii) “Sa 19ú haois déag lonnadh na mílte Éireannach i dTalamh an Éisc, ar Cape Breton” (in oirthear Québec agus in Ontario).
- (iii) “Ba spreagadh mór dóibh freisin na cumainn Ghaeilge éagsúla agus brainsí de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann.” (atá ag obair go dícheallach ar fud an cheantair le féiniúlacht na nGael a dhaingniú i bpatrún saibhir an ilteangachais i gCeanada).

- (i) *Chonaic siad an mheanman agus an dúthracht a bhí i measc na nGael i gCape Breton.*
- (ii) *Bhí líon mór Éireannach ina gcónaí i gCape Breton ón 19ú haois déag ar aghaidh.*
- (iii) *Fuair siad inspioráid ó na grúpaí Gaelacha agus brainsí de Chomhaltas Ceoltóirí Éireann ann.*

3 (a) Cad a d’fhoghlaim Aralt ón arm a chabhraigh le cur chun cinn an togra? (Alt 3)
(3 mharc) (2+1)

“Chabhraigh an traenáil a fuair sé mar oifigeach airm leis” =2-1+0(gan ionramháil) **nó**
=2-1+1(le hionramháil)

- (i) “Tá tábhacht ar leith ag baint le fórsa láidir a chur le chéile”.
- (ii) “An sprioc a shoiléiriú do gach aon duine”.
- (iii) “An plean gníomhaíochta a chur i bhfeidhm”.

- (i) *An tábhacht a bhaineann le grúpa tréan a bhailiú le chéile.*
- (ii) *An cuspoir/an aidhm a mhíniú do gach duine.*
- (iii) *Dul i mbun gníomhaíochta.*

3(b) Luaigh dhá thréith a bhaineann le hAralt mar dhuine. (Alt 3)
(4 mharc) (2+1 + 1)

Trí thréith luaite

- (i) “a bhród as a oidhreacht Ghaelach”.
- (ii) “a stuacacht”.
- (iii) “a dhiongbháilteacht”.

- (i) *a mhórtas as a dhúchas gaelach.*
- (ii) *a cheandánacht.*
- (iii) *a dhaingne.*

“ a bhród” leis féin=0

Tá tréithe eile intuigthe ón eolas in Alt 3fiontrach/ciallmhar/glic/éirimiúil/dílis dá dhúchas/uaillmhianach/ceannródaíoch/tírghrách/gaelach.....

4(a) Luaigh rud amháin a rinneadh leis an togra a chur chun cinn. (Alt 4)
(3 mharc) (3 mharc gan ionramháil)

- (i) “Thángthas ar phíosa breá talún in aice Tamworth”.
- (ii) “Thángthas ar phíosa breá talún dhá chiliméadar déag ó Kingston”.
- (iii) “Cuireadh comharchumann ar bun”.
- (iv) “Tosaíodh ar scaireanna a dhíol ann”.
- (v) “Lorgaíodh cead pleanála”.(leis an láthair a fhorbairt).
- (vi) “Lorgaíodh cabhair airgid ón rialtas anseo in Éirinn agus ó rialtas Cheanada”.

4(b) Cén bhaint a bhí ag Tomás Mac Gearailt leis an togra seo? Luaigh dhá phointe. (Alt 4)
(4 mharc) (2+1+1)

- (i) “Bhí tábhacht thar na bearta ag baint leis an gcabhair a fuarthas ón gcomhlacht Bard na nGleann, atá á stiúradh ag Tomás Mac Gearailt”.
 - (ii) “Cheannaigh Tomás luach na mílte scair sa chomharchumann”.
 - (iii) “Baineadh leas as fochomhlacht dá chuid, gaeltalk.net a mhúineann Gaeilge ar an idirlíon, le poiblíocht a thabhairt don Ghaeltacht nua”.
- (i) Chuidigh comhlacht Thomáis, Bard na nGleann, go mór leis an togra.*
(ii) D’infheistigh Tomás a lán airgid i scaireanna sa chomharchumann.
(iii) Cuireadh fógraí ar an suíomh idirlín gaeltalk.net chun aird a dhíriú ar an nGaeltacht nua.

5 (a) Luaigh plean amháin atá ag an ngrúpa don suíomh. (Alt 5) (3 mharc)
(3 mharc gan ionramháil)

- (i) “lárionad cultúrtha agus foghlama a thógáil ann”.
- (ii) “páirceanna peile agus iomána a fhorbairt”.
- (iii) “úsáid a bhaint as an abhainn agus as an loch atá mar chuid den suíomh i gcomhair imeachtaí spraoi”. (“úsáid a bhaint as an abhainn agus as an loch” :3-1=2 mharc (neamhiomlán))

5(b) Cén tábhacht a bhaineann le Gaeltachtaí agus le lárionaid Ghaeilge, dar leis an údar?
Luaigh dhá phointe. (Alt 5)
(4 mharc) (2+1+1)

- (i) “Cuireann siad láthair ar fáil do chainteoirí Gaeilge agus d’fhoghlaimoirí.”
 - (ii) Is “féidir leo bualadh le chéile, cairdeas a bhunú agus a bhuanú”.
 - (iii) Tá tábhacht ag baint leo mar is féidir le daoine “Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt”.
 - (iv) “Is iad a chothaíonn agus a neartaíonn an cultúr Gaelach inár measc”.
- (i) Bíonn cainteoirí agus foghlaimoirí Gaeilge ábalta teacht le chéile sna hionaid seo.*
(ii) Tagann siad le chéile sna hionaid seo agus déanann siad cairde nua.
(iii) Bíonn seans acu Gaeilge a fhoghlaim agus a labhairt.
(iv) Tagann siad tacaíocht agus spreagadh dár gcultúr dúchasach/gaelach.

- **10 bhfomharc** le suimiú

Ag bun na bhfreagraí ar Léamhthuisctint 2A, seo mar a léirítear na marcanna:

E(35)=
Gge.(0-3)= -
C2A(35)=

- **An Ghaeilge sna freagraí:** déan breithiúnas ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí agus bain marc(anna) más gá.

Gaeilge shármhaith: -0

Gaeilge lochtach: bain 1-3mharc den Ghaeilge

Mura mbronnann tú aon mharc ar ionramháil sna freagraí, ná bain aon mharc den Ghaeilge sa chás sin.

B (35 mharc)

- (i) (a) An t-ábhar sa leabhar *Rince ar na Ballaí* = 3 mharc
(b) **Dhá** fháth ar moladh an leabhar *Rince ar na Ballaí* = 4 mharc
- (ii) (a) Mar a ndeachaigh an scoil lán-Ghaeilge i bhfeidhm air = 3 mharc
(b) **Dhá** fáth leis an spórt sin a roghnú = 4 mharc
- (iii) (a) Fáth a bhfuil dreapadh an Eiger sásúil = 3 mharc
(b) Míniú ar cheann amháin de na baoil sláinte = 4 mharc
- (iv) (a) An rud is mó is suim leis anois = 3 mharc
(b) **Dhá** rud faoi na Tuareg = 4 mharc
- (v) (a) Inspioráid óna áit dhúchais don leabhar is déanaí = 3 mharc
(b) **Dhá** chúis leis an moladh mór don leabhar = 4 mharc.
- 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 + 3 + 4 = 35 mharc.**

Léamhthuiscint 2B

1 (a) Cad is ábhar don leabhar *Rince ar na Ballaí*? (Alt 1)
(3 mharc) (3 mharc gan ionramháil)

- (i) “An ailleadóireacht agus an tsléibhteoireacht” (Is leor ceann amháin “an ailleadóireacht” **nó** “an tsléibhteoireacht”).
- (ii) “Tá leabhar breá Gaeilge scríofa aige ina gcuireann sé síos ar chuid den saol eachtrúil atá caite aige”. (“Lena chois sin, tá leabhar breá scríofa aige ina gcuireann sé síos ar chuid den saol eachtrúil atá caite aige”). (3-1=2 mharc.)

“Tá tamall caite aige ag dreapadh ar bheanna na nAlp agus ar mhullaí na Himiléithe. Tá fásaigh na hAfraice agus cnoic oighir na Sibéire siúlta aige chomh maith.” (3-2=1 mharc)

1 (b) Tabhair dhá fháth ar moladh an leabhar *Rince ar na Ballaí*. (Alt 1)
(4 mharc) (2+1+1)

- (i) “a mhodh inste”.
- (ii) “saibhreas na Gaeilge”.
- (iii) “na grianghraif iontacha”.
- (i) *an stíl inste.*
- (ii) *an Ghaeilge bhreá.*
- (iii) *na fótagraif/na pictiúir dheasa.*

2 (a) Conas a chuaigh an scoil lán-Ghaeilge i bhfeidhm ar Dermot? (Alt 2)

(3 mharc) (2+1)

- (i) an “áit a bhfuair sé an grá don Ghaeilge”
- (ii) “Is í an Ghaeilge an teanga is fearr leis a labhairt” (ó shin i leith).
- (iii) “Ba ar an scoil sin a fuair Dermot amach nárbh iad na cluichí foirne ba rogha leis ach an lúthchleasaíocht”.

- (i) *Bhí cion aige ar an nGaeilge.*
- (ii) *Is aoibhinn leis an Ghaeilge a labhairt(ón uair a d’fhreastail sé ar scoil lán-Ghaeilge).*
- (iii) *Ba léir dó gurbh í an lúthchleasaíocht seachas cluichí foirne ab fhearr leis.*

2 (b) Luaigh dhá fháth ar roghnaigh Dermot an ailleadóireacht mar a rogha spóirt. (Alt 2)

(4 mharc) (2+2 gan ionramháil)

- (i) “Chonaic sé beirt ag ailleadóireacht i sléibhte Chontae Chiarraí. Thaitin a bhfaca sé ag an am sin leis”.
- (ii) “Tuigeadh dó láithreach an eachtraíocht a bhain leis an spórt”.
- (iii) “D’aithin sé chomh maith an meon eachtrúil a bhí ann féin”.

3 (a) Cén fáth a mbeadh dreapadh an Eiger sásúil do dhreapadóir? (Alt 3)

(3 mharc) (2+1)

- (i) “Deir sé gurb é éadan thuaidh an Eiger sna hAlpa an t-éadan sléibhe is suimiúla agus is dainséaraí san Eoraip”.
- (ii) “Ba é dreapadh an Eiger an dúshlán ailleadóireachta ba mhó a thug sásamh dó féin”.
- (iii) “Is gá don ailleadóir scileanna uile na dreapadóireachta a chleachtadh chun an Eiger a dhreapadh”.

- (i) *Is é taobh thuaidh an Eiger sna hAlpa an taobh sléibhe is spéisiúla agus is baolaí san Eoraip.*
- (ii) *Ba é dreapadh an Eiger an turas sléibhteoireachta ba dheacra a ndearna sé ach thug sé sástacht mhór dó.*
- (iii) *Ní mór don dreapadóir sléibhe a scileanna sléibhteoireachta go léir a úsáid chun tabhairt faoin Eiger.*

3 (b) Tabhair míniú ar cheann amháin den “dá bhaol sláinte” a bhaineann le hairde na sléibhte sna Himiléithe? (Alt 3)

(4 mharc) (3+1)

Baol 1= “an éidéime”

“Nuair a thagann an éidéime ar dhuine líontar an cloigeann le leacht an choirp agus báitear beatha an duine dá bharr”.

Nuair a bhuaileann an éidéime duine, líontar an ceann/an inchinn le leacht an choirp agus faigheann an duine bás .

nó

Baol 2= “cnapán fola”

“Maidir le cnapán fola éiríonn an fhuil cruá i gcuid amháin den chorp, rud a chuireann stop leis an rith nádúrtha fola atá riachtanach don chuid eile den chorp”.

Nuair a tharlaíonn cnapán fola in áit amháin sa chorp, cuireann sé cosc/srian leis an rith nádúrtha fola atá éigeantach/tábhachtach don chuid eile den chorp.

4 (a) Cén rud is mó is suim le Dermot anois ó d’éirigh sé as an ailleadóireacht? (Alt 4) (3 mharc) (3mharc gan ionramháil)

“...eolas a chur ar chultúir na ndaoine a chónaíonn faoi na cnoic agus ar na fásaigh san Afraic”.

4 (b) Luaigh dhá rud faoi na Tuareg a ndearna Dermot scannán fúthu. (Alt 4) (4 mharc) (2+1+1)

- (i) “Is é an scannán faoina thuras trasna an tSahára le treibh na Tuareg an ceann is fearr leis”.
 - (ii) Déanann an Tuareg “turas seacht gcéad míle”.
 - (iii) “Déanann an Tuareg an turas gach bliain”.
 - (iv) Déanann an Tuareg an turas “Chun salann a thabhairt ar mhuintir camall ó Bilma i ndeisceart na Libia go hAgadez i dtuaisceart na Nigéire”.
(2 rud faoin Tuareg san abairt seo. 2+1+0 gan ionramháil **nó** 2+1+1 má dhéantar ionramháil ar an abairt).
 - (v) Déanann an Tuareg “an turas ó Bilma go hAgadez” **nó** déanann siad an turas ó “dheisceart na Libia go tuaisceart na Nigéire”.
 - (vi) “Treibh” is ea an Tuareg.
- (i) *Rinne Dermot aistear trasna an tSahára leis an Tuareg.*
 - (ii) *Aistear seacht gcéad míle a dhéanann an Tuareg.*
 - (iii) *Déanann an Tuareg an t-aistear gach bliain.*
 - (iv) *Iompraíonn an Tuareg salann ar dhroim camall ó Bilma i ndeisceart na Libia go hAgadez i dtuaisceart na Nigéire. (2 rud san abairt seo faoin Tuareg).*
 - (v) *Téann/taistealaíonn an Tuareg ó Bilma go hAgadez **nó** téann/taistealaíonn an Tuareg ó Dheisceart na Libia go tuaisceart na Nigéire.*
 - (vi) *Cine/grúpa/dream faoi leith is ea an Tuareg.*

5 (a) Cén inspioráid a fuair Dermot óna cheantar dúchais féin leis an leabhar is déanaí uaidh a scríobh? (Alt 5)

(3 mharc) (2+1)

- (i) “Fuair Dermot an inspioráid don leabhar seo óna cheantar dúchais féin i Ros Comáin”.
 - (ii) “Fuair sé amach go raibh cónaí air in áit a bhí lárnach sna turais stairiúla seo”.
 - (iii) “Sa Táin, mar shampla, ceann de mhóreipicí na hÉireann agus na hEorpa ón réamhstair, chuaigh Méabh agus Ailill go Cúige Uladh sa tóir ar an tarbh, Donn Chuailgne. Thrasnaigh siad an tSionainn cóngarach don pharóiste ar rugadh Dermot ann”.
- (i) *Fuair sé an spreagadh óna áit dúchais féin i Ros Comáin.*
 - (ii) *D’fhoghlaim sé go raibh sé ina chónaí i gceantar a bhí páirteach sna turais stairiúla sin.*
 - (iii) *Dé réir na Tána, chuaigh Méabh agus Ailill trasna na Sionainne gar don cheantar ar rugadh Dermot ann.*

**5 (b) Luaigh dhá chúis leis an moladh mór atá faighte ag an leabhar seo. (Alt 5)
(4 mharc) (2+1+1)**

- (i) “Moltar an leabhar seo go mór as an gcaoi a gcuireann sé beocht sna scéalta dearmadta seo”
(ii) “Moltar an leabhar as an tsuim a mhúsclaíonn sé sa léitheoir i stair áitiúil Ros Comáin”.
- (i) *Tá cuntais bheoga/anamúla/bhíogúla ar scéalta atá imithe as cuimhne na ndaoine.*
(ii) *Spreagann an leabhar spéis i stair áitiúil Ros Comáin.*

- **10 bhfomharc** le suimiú

Ag bun na bhfreagraí ar Léamhthuiscint 2B, seo mar a léirítear na marcanna:

E(35)=
Gge.(0-3)= -
C2A(35)=

- **An Ghaeilge sna freagraí:** déan breithiúnas ar chaighdeán na Gaeilge sna freagraí agus bain marc(anna) más gá.

Gaeilge shármhaith: -0

Gaeilge lochtach: bain 1-3mharc den Ghaeilge

Mura mbronnann tú aon mharc ar ionramháil sna freagraí, ná bain aon mharc den Ghaeilge sa chás sin.

- **Móriomlán C2**

C2A(35)=

C2B(35)=

C2(70)=

Páipéar II (180 marc)

CEIST 1

- PRÓS -

40 marc

Freagair **A** (Prós Ainmnithe) **nó** **B** (Prós Roghnach).

A - PRÓS AINMNITHE - (40 marc)

- (a) Léiriú ar aigne chiaptha na mná óige
(*An Bhean Óg*) Ionramháil Ábhair = 22 marc

Nó

Bonn magúil faoi chaidreamh an tréidlia le muintir Ghleann Phádraig
(*Coileach Ghleann Phádraig*) Ionramháil Ábhair = 22 marc

Nó

Léargas ar shaol na tuaithe ó taobh polaitíochta agus creidimh de
(*Lig Sinn i gCathú*) Ionramháil ábhair = 22 marc

- (b) Dhá ghné den scéal béaloidis a phlé
(*An Cearrbhach Mac Cába*) Ionramháil Ábhair = 13 marc

Nó

An chleasaíocht agus an charthanacht maidir leis an gCearrbhach
(*An Cearrbhach Mac Cába*) Ionramháil Ábhair = 13 marc

Cumas Gaeilge - (a) agus (b) le chéile = 5 marc

B - PRÓS ROGHNACH - (40 marc)

Freagair (a) agus (b) anseo.

- (a) A éifeachtaí a léirítear an t-athrú ar dhuine de na príomhphearsana.
(*Gearrscéal*)
Teideal an ghearrscéil agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 marc

Nó

Caidreamh idir beirt de na príomhphearsana. (*Úrscéal*)
Teideal an úrscéil agus ainm an údair. Ionramháil Ábhair = 22 marc

(b) Dhá ghné den bhéaloideas sa saothar.

(*Scéal Béaloidis*)

Teideal an scéil bhéaloidis.

Ionramháil Ábhair = 22 mharc

Nó

Plé ar an tréith is mó i bpearsantacht an phríomhcharachtair.

(*Scéal Béaloidis*)

Teideal an úrscéil agus ainm an údair.

Ionramháil Ábhair = 13 mharc

Cumas Gaeilge - (a) agus (b) le chéile = 5 mharc

C. 1 = 40 marc (22 + 13 + 5)

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 22 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir sna hionaid chúil ar an bhfreagarleabhar.

Ní bhronnfar marcanna ar theidil/ainmneacha údar a lua ach bainfear marcanna mura luaitear iad.

Ceist 2

- PRÓSTÉACS BREISE -

40 marc

[(a)(i) nó (a)(ii) nó (b)(i) nó (b)(ii) le déanamh as **A** nó **B** nó **C** nó **D**]

{ Ionramháil Ábhair = 35 mharc }

{ Cumas Gaeilge = 5 mharc }

35 + 5: C.2 = 40 marc

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 35 (Ábhar) agus an marc as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cúil ar an bhfreagarleabhar.

Freagair **A** (Filíocht Ainmnithe) **nó** **B** (Filíocht Roghnach) **agus** freagair **C** (Dánta Dualgais Breise).

A	- FILÍOCHT AINMNITHE -	(35 mharc)
----------	-------------------------------	-------------------

Freagair **(a)** **agus** **(b)** anseo.

(a)

- | | | |
|-------------|---|------------|
| (i) | Athrú ar shaol an fhile agus ar shaol na tíre
<i>(Bímse Buan ar Buairt Gach Ló)</i> | = 11 mharc |
| (ii) | Nóta faoin mheadaracht mar a léirítear i véarsa 1 é.
<i>(Bímse Buan ar Buairt Gach Ló)</i> | = 6 mharc |
| | <u>Ionramháil Ábhair</u> | = 17 marc |

Nó

- | | | |
|-------------|--|------------|
| (i) | Plé ar phríomhthéama agus mar a d'fhorbair an file é.
<i>(Faoiseamh a Gheobhadsa)</i> | = 11 mharc |
| (ii) | Úsáid as athrá
<i>(Faoiseamh a Gheobhadsa)</i> | = 6 mharc |
| | Ionramháil Ábhair | = 17 marc |

(b)

- | | | |
|------------|---|------------|
| (i) | Plé ar dhá cheann de:
teideal; codarsnacht; athrá; drámatacht
<i>(Gealt?)</i> | = 13 mharc |
|------------|---|------------|

Nó

- | | | |
|--|---|------------|
| | Trácht gairid ar an téama agus ar léiriú an téama
<i>(Gealt?)</i> | = 13 mharc |
|--|---|------------|

B	- FILÍOCHT ROGHNACH -	(35 mharc)
----------	------------------------------	-------------------

Freagair (a) agus (b) anseo.

(a)

- (i) Príomhthéama a phlé agus an chaoi a léirítear é. = 11 mharc
(Dán seanaimseartha le fear.)

(Teideal an dáin agus ainm an fhile).

- (ii) An íomhá is mó a chuaigh i bhfeidhm ort agus an fáth = 6 mharc
= 17 marc

Nó

- (i) “Is fearr na codarsnachtaí ná na cosúlachtaí”. É sin a phlé. = 11 mharc
(Dán nua-aimseartha le bean)

(Teideal an dáin agus ainm an fhile.)

- (ii) Plé ar an gcaoi a ndeachaigh an dán i bhfeidhm ort féin. = 6 mharc
= 17 marc

(b)

Dán Nua-aimseartha le bean agus nár roghnaíodh thuas: = 13 mharc
Plé ar na príomh-mhothúcháin ann.

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

Nó

Dán Nua-aimseartha le fear agus nár roghnaíodh thuas:
Trácht ar íomhá amháin agus ar laige nó ar bhua amháin a bhain leis an dán. =13 mharc

(Teideal an dáin agus ainm an fhile)

C (35 mharc)

Freagair (a) nó (b) anseo

(a)

(i) “Léiriú cumasach ar dhearcadh na máthar uirthi féin agus ar a clann mac”
(**An Mháthair**) . = 17 marc

(ii) Mínigh na línte = 5 mharc

(iii) Fáthanna ar thaitin an dán leat = 8 marc

Ionramháil Ábhair = 30 marc

(b)

(i) Léiriú ar an bpríomhthéama ó thús go deireadh an dáin = 17 marc
(**Da mb’fhéidir arís dar gcumann**)

(ii) Mínigh na línte = 5 mharc

(iii) Cur síos ar chodarsnacht nó ar íomhá a chuaigh i bhfeidhm ort
= 8 marc

Ionramháil Ábhair = 30 marc

Cumas Gaeilge (**A** nó **B** agus **C** le chéile) = 10 marc

C.3 = 70 marc

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir an marc as 17 (Ábhar) agus as 13 (Ábhar) agus as 30 (Ábhar) agus as 10 (Gaeilge) a thaispeáint sna hionaid chuí ar an bhfreagarleabhar.

Ceist 4

- STAIR -

30 marc

Dhá cheann le déanamh as (a), (b), (c), (d), (e), (f).

13 + 12 (Eolas) móide 5 mharc ar an gCumas Gaeilge (sa dá cheann le chéile). = 30 marc.

I gcás (a) (b) agus (c) tá cuntas le scríobh ar dhá cheann; is pointí gearra eolais atá á lorg.
I gcás (d) (e) (f), áit a bhfuil gné amháin le plé lorgáítear pointí eolais níos faide.

Nóta: Caithfidh an Scrúdaitheoir Cúnta an marc a bhronntar as 25 (Eolas) agus an marc bhronntar as 5 (Gaeilge) a thaispeáint go soiléir san ionad cuí ar an bhfreagarleabhar.

CLUASTUISCINT (100 marc)

{	(i)	Tuiscint	= 90 marc	}
{	(ii)	Cumas Gaeilge	= 10 marc	}
{	(iii)	Iomlán	= 100 marc	}

Cuid A: 30 marc (Eolas)

Fógra 1:	2 mharc × 5	=	10 marc
Fógra 2:	2 mharc × 5	=	10 marc
Fógra 3:	2 mharc × 5	=	10 marc
	10 + 10 + 10	=	<u>30 marc</u>

Cuid B: 40 marc (Eolas)

Comhrá 1:	2 mharc × 6	=	12 mharc
Comhrá 2:	2 mharc × 8	=	16 mharc
Comhrá 3:	2 mharc × 6	=	12 mharc
	12 + 16 + 12	=	<u>40 marc</u>

Cuid C: 20 marc (Eolas)

Píosa 1:	2 mharc × 3	=	6 mharc
Píosa 2:	2 mharc × 4	=	8 marc
Píosa 3:	2 mharc × 3	=	6 mharc
	6 + 8 + 6	=	<u>20 marc</u>

Triail Chluastuisceana 2009

Cuid A (30)

Fógra a hAon

1(a) Cén fhéile atá luaite anseo?

- Féile scannán an Daingin. = 2m,
- (f) scannán = 1m.
- Féile an Daingin = 0m.
- Féile 2009 = 0m.

1(b) Cén uair go díreach a bheidh an fhéile ar siúl?

- 19ú---26ú Meán Fómhair.= 2m.
- 19ú Meán Fómhair = 1m,
- 26ú Meán Fómhair = 1m.
- Meán Fómhair = 0m,
- 19ú - 26ú = 0m.

2 Cén pháirt a ghlac Sarah Miles sa scannán Ryan's Daughter?

- Páirt na hiníne = 2m
- Iníon Ryan = 2m
- Bean Robert Mitchum = 2m.
- Ryan's Daughter = 0m.

3 (a) Cá háit a ndearnadh an scannán Ryan's Daughter?

- Iarthar Chiarraí = 2m,
- Chiarraí = 1m.

(b) Cén chreidiúint a thugtar don scannán seo?

- Tús le tionscail na turasóireachta san áit = 2m,
- Turasóireacht = 1m.

Fógra a Dó

1 Cén teideal a bheidh ar an gclár nua ar RTE Raidió?.

- Buille faoi Thuairim = 2m. (Glac le Buille, ach ná glac le Buaille, ná Buala.)
- Quizchlár = 0m.

2 Luaigh dhá eagraíocht a dhéanfaidh urraíocht ar an gclár?

- (a) Foras na Gaeilge = 2m
- (b) Gael-Linn = 2m.

3 (a) Cén meascán de cheol a bheidh ar an gclár?

- Ceol traidisiúnta agus ceol pop.(1+1m), Trad, nó traid leis féin = 1m.

(b) Luaigh dhá rud a bhronnfar mar dhuaiseanna le linn an chláir?

- T- léine (RTE,)/ físteip/ leabhar/dlúthdhiosca = (1+1m).
- C.D. = 0m.

Fógra a Trí

1 Cad atá á lorg ag Raidió na Life?.

- **Léitheoirí nuachta (páirtaimseartha) = 2m.**
- **léitheoirí = 0m.**

2 Cén íocaíocht a dhéanfar leis na daoine a roghnófar?

- **Níl aon íocaíocht ag dul dóibh = 2m**
- **Tada = 2m,**
- **Costaisí taistil = 2m.nó costaisí = 2m.**

3 Luaigh dhá cháilíocht atá riachtanach don phost.

- (a) **Caighdeán ard /maith Gaeilge = 2m, Gaeilge = 1m.**
(b) **Suim /spéis /dúil sa chraoltóireacht = 2m, craoltóireacht = 0m.**

4 Luaigh slí amháin le heolas breise a fháil faoin bpost.

- **Glaigh ar / Buail isteach / Ríomhphost nó r-phost, e-phost chuig = 1m.**
+ Cáiliú 1m. (chuig an stáisiún, an raidió, 7 Cearnóg Mhuirfean, Raidió na Life.)
- **(01)6616339 =2m, (caithfidh an uimhir a bheith cruinn),**
- **eolas @raidionalife.com. = 2m. (glac le radio mar litriú)**
- **Buail isteach chuig Cearnóg Mhuirfean, (Baile Atha Cliath.) = 1m. (gan uimhir).**

Cuid B (40)

Comhrá a hAon

An chéad Mhír

1 Cad leis a bhfuil Liam ag tnúth?

- **Turas scoile = 2m,**
- **turas go Paras + Strasbourg = 2m,**
- **turas 1m + cáiliú 1m.**
- **turas = 1m.**

2 Cén scrúdú a bheidh á dhéanamh ag Bríd ag tús mhí an Mheithimh?

- **An Teastas Sóisearach = 2m.**

3 Cén fáth gur breá le Liam filleadh ar Pháras?

- **Níl cathair ar domhan chomh hálainn léi. = 2m. (comparáid riachtanach).**

An Dara Mír

1. Tabhair **píosa amháin** eolais a luann Liam faoi Pharlaimint na hEorpa.
 - **670 teachta ann = 2m, a lán teachtaí ann = 1m.**
 - **20 teanga oibre = 2m. a lán teangacha oibre = 1m.**
 - **Tá an Pharlaimint i Strasburg = 2m.**
- 2.(a) Cén post ar mhaith le Bríd a bheith aici?
 - **Aistritheoir = 2m. (áisitheoir = 0m).**
- (b) Luaigh fáth amháin a mbeidh seans maith ag Bríd an post a fháil ,dar le Liam.
 - **Trí theanga aici = 2m,(Gaeilge, Béarla, Gearmáinis aici).**
 - **A lán folúntas ann do dhaoine ón tír seo le *Gaeilge mhaith* = 2m. (riachtanach don bhfreagra.)**
 - **A lán folúntas ann do dhaoine ón tír seo = 1m**
 - **Alan folúntas ann do Ghaeilgeoirí = 2m.**
 - **Tá an Pharlaimint ag cur leis na seirbhísí aistriúcháin Ghaeilge = 2m**
 - **Céim ollscoile aici sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis = 2m.**
 - **Céim aici sa Ghaeilge = 1m.**
 - **Céim aici sa Ghearmáinis = 1m.**

Comhrá a Dó

An Chéad Mhír

1. Cén cúrsa ollscoile a roghnaigh Micheál?
 - **Eolaíocht an bhia = 2m.**
 - **Eolaíocht = 1m.**
 - **Bia = 0m.**
- 2.Cén post ab fhearr le Siobhán?
 - **Múinteoir bunscoile = 2m.**
 - **Múinteoir = 1m. (meánscoile = 0m)**
- 3 (a) Cén t-ábhar ab fhearr le h-athair Mhichíl go roghnódh a mhac san ollscoil?
 - **Cuntasaíocht = 2m.**
- (b) Cén chomhairle a chuireann Siobhán ar Mhicheál?
 - **Déan an t-ábhar a thaitníonn leat féin = 2m.**
 - **Déan an t-ábhar a bhfuil spéis agat ann. = 2m.**

An Dara Mír

- 1.Cén rud a raibh dúil mhór ag Micheál ann ó bhí sé an-óg?
 - **Cócaireacht = 2m.**
 - **Sa bhia = 2m.**
 - **Eacnamaíocht Bhaile = 2m.**

2(a) Luaigh rud amháin a deir Micheál faoin Eacnamaíocht Bhaile.

- **A lán buachaillí ag déanamh eacnamaíocht bhaile ina scoil = 2m.**
- **Fir na príomhchócairí is fearr ar an teilifís. = 2m.**

(b) Céard a deir Micheál faoi chuid dá chairde?.

- **Ní féidir leo ubh a fhiuchadh,/a bheiriú/a rosta /a fhliuchadh. = 2m.**
- **Ní féidir leo cócaireacht = 2m.**

3 Cén sort duine a bheidh á lorg ag Siobhán mar fhear céile?.

- **Fear a bheidh ábalta an dinnéar a ullmhú.**

Comhrá A Trí

An Chéad Mhír

1(a) Cé mhéad airgid a bhuaigh duine sa Lotto an t-seachtain seo caite?.

- **20 milliún (euro) = 2m**
- **20 = 0m.**

(b) Cén buntáiste a fhaigheann an Lotto as duais mhór a bheith acu, dar le Máire.?

- **Poiblíocht (iontach) = 2m.**

2 Cad a mholfadh Seán a dhéanamh le duais an- mhór sa Lotto?

- **10 nduais ar 2 mhilliún an ceann = 2m.**
- **10 nduais seachas ceann amháin = 2m**
- **An duais a roinnt = 1m.**
- **10 nduais = 1m.**
- **2 mhilliún an ceann = 0m.**

An Dara Mír

1. Cad air a gcaitheann an Lotto na milliúin gach bliain, dar le Seán.?

- **Clubanna agus scéimeanna sóisialta = 2m.**
- **Clubanna = 1m**
- **Scéimeanna sóisialta = 1m. Scéimeanna = 0m.**
- **An club leadóige ar an mbaile = 0m.**

2. Luaigh fáth amháin nár thug an Lotto airgead do na Piarraigh, dar le Seán.

- **Club saibhir go leor = 2m.**
- **Áiseanna den scoth acu = 2m**
- **Ballraíocht an-ard sa chlub = 2m.**

3. Cén seanfhocal a fhanann fíor i gcónaí, dar le Seán?

- **“Mura geuireann tú síol, ní bhainfidh tú fómhar”. = 2m.**
- **“Mura geuireann tú síol....= 1m.**
- **Ná glac le “ór” ná “fóir” in áit “fómhar”.**

Cuid C (20 m)

Píosa a hAon

1 Cén dream a d'eagraigh an mhaidin chaife.?

- **Coiste na Mac léinn Gaeilge in Ollscoil na hÉireann Gaillimh = 2m**
- **Coiste na Mac léinn Gaeilge = 2m.**
- **Mac léinn Gaeilge = 1m.**
- **Coiste Gaeilge = 1m**
- **Mac léinn = 0m**
- **Coiste na mac léinn in ollscoil na hÉireann Gaillimh = 0m.**

2(a) Céard dó ar bailíodh an t-airgead ?

- **Ionad sóisialta = 2m.**
- **“Buaile Cheoinín” = 2m. (glac le Sh....ach caithfidh “a” a bheith i buaile)**
- **Ionad a chuireann áit comhludair + seirbhísí comhairle ar fáil do dhaoine fásta le fadhbanna = 2m.**

(c) Cé a chuir an caife agus an bia ar fáil?.

- **Mná = 1m. + cáiliú = 1m (tí, an cheantair)**

Píosa a Dó

1. Cén saghas báid atá ceannaithe ag Tomás Ó Murchú?

- **Bád iascaigh = 2m.**
- **Bád nua = 0m.**

2 Cár cheannaigh Tomás Ó Murchú an bád?

- **La Rochelle = 2m.**
- **Sa Fhrainc = 2m.**

3 (a) Cén fad atá bád nua?

- **76 troigh ar fad. = 2m. (glac le trig nó troithe, ach ná glac le tréith.)**
- **76 = 0m.**
- **76m = 0m.**

(b) Luaigh deacracht **amháin** atá ag iascairí faoi láthair.

- **Costas breosla = 2m**
- **Cuótaí iasc = 2m**
- **Costaisí = 1m.**
- **Breosla = 1m.**
- **Quótaí = 1m.**

Píosa a Trí

1. Cé mhéad post nua a bheidh á gcur ar fáil ag Comharchumann an Chlocháin Léith.?

- **Scór = 2m.**
- **20 = 2m. (uimhir cheart riachtanach).**
- **Score = 0m.**

2. Luaigh suíomh **amháin** ar an Chlochán Liath a mbeidh na poist ar fáil.

- **Ollmhargadh nua (a osclóidh Comharchumann an Chlocháin Léith) = 2m.**
- **Ionad gnó nua (a bheidh suite in aice an ollmhargaidh) = 2m**
- **Ollmhargadh = 1m,**
- **Ionad gnó = 1m.**
- **Sa Chomharchumann = 0m.**

3. Cé mhéad duine ar fad atá fostaithe ag Comharchumann an Chlocháin Léith.?

- **120 duine = 2m. (caithfidh uimhreacha a bheith i gceart i gcónaí.)**

Triail Chluastuisceana: Téipscrip 2009

Cuid A Fógra a hAon (M)

Tá sé fógartha ag Féile Scannán an Daingin go ndéanfar ceiliúradh speisialta ar an scannán *Ryan's Daughter* le linn Féile na bliana seo, 2009. Beidh an Fhéile ar siúl sa Daingean idir an naoiú lá déag agus an séú lá is fiche Meán Fómhair. Beidh an banaisteoir Sarah Miles ag freastal ar an bhféile. Ghlac Sarah páirt na hiníne sa scannán *Ryan's Daughter*, scannán a rinneadh in iarthar Chiarraí sna blianta 1968 agus '69. Tugtar an chreidiúint do *Ryan's Daughter* gurbh é a chuir tús le tionscal na turasoíreachta in Iarthar Chiarraí.

Fógra a Dó (U)

Seo fógra ó Ghael Linn agus ó RTÉ Raidió 1. Beidh Quizchlár nua seachtainiúil Gaeilge dar teideal *Buille Faoi Thuairim* ag tosú ar RTE Raidió 1 mí na Samhna seo chugainn. Is í Aoife Ní Chofaigh a chuirfidh an clár i láthair. Is iad Foras na Gaeilge agus Gael Linn a dhéanfaidh chomh-urraíocht ar an gclár. Meascán de cheol traidisiúnta agus popcheol a bheidh á sheinn le linn an chláir, le ceisteanna don phobal ó am go ham. Éisteach ar bith a ghlaonn isteach leis na freagraí cearta beidh sé nó sí i dteideal duais a fháil. Ar na duaiseanna a bhronnfar gach seachtain beidh t-léine RTÉ, físteip, leabhar agus dlúthdhiosca.

Fógra a Trí (C)

Seo fógra ó **Raidió na Life**, 106fm. Tá Raidió na Life i mBaile Átha Cliath ag lorg léitheoirí nuachta páirtaimseartha. Níl aon tuarastal ar fáil as an obair seo ach íocfar costas taistil leis na daoine a cheapfar. Beidh cúrsa traenála ar fáil, cúrsa a leanfaidh ar feadh mí amháin. Tá dhá cháilíocht riachtanach do na poist seo: caighdeán ard Gaeilge chomh maith le spéis sa chraoltóireacht. Is iomaí slí atá ann le heolas breise a fháil: cuir glaoch ar Raidió na Life mar shampla ag (01) 6616339, nó seol ríomhphost chuig colas@raidionalife.com, nó buail isteach chuig 7 Cearnóg Mhuirfean, Baile Átha Cliath 2.

Cuid B Comhrá a hAon (U)

Liam: Táim ag tnúth go mór leis an turas scoile go luath i Mí an Mheithimh, a Bhríd!
Beimid ag dul go Páras agus go Strasbourg.

Bríd: Is breá duit a Liam. Ní féidir liomsa dul mar beidh mé ag déanamh scrúduithe ag an am. An Teastas Sóisearach tá's agat.

Liam: Á, is trua sin. Mothóimid uainn tú.

Bríd: Ná bíodh trua agat dom! Bhí mé i bPáras le mo thuismitheoirí anuraidh agus rachaidh mé go dtí an Spáinn leis an scoil an bhliain seo chugainn nuair a bheidh tusa ag déanamh na hArdteiste!

Liam: Bhíos féin i bPáras dhá bhliain ó shin, a Bhríd, ach is breá liom go bhfuilim ag dul ann arís mar níl cathair ar domhan chomh hálainn léi.

Bríd: Dár ndóigh, tagaim leat, a Liam, ach caithfidh mé a rá go bhfuilim in éad leat as bheith ag dul ar cuairt ar Pharlaimint na hEorpa i Strasbourg!

.....

Liam: Táim féin ag tnúth go mór leis an gcúairt ar an bParlaimint caithfidh mé a rá. Tá 670 teachta ann agus 20 teanga oibre in úsáid ann.

Bríd: Tá sé sin dochreidte! Bheadh spéis agamsa a bheith ag obair ansin mar aistritheoir. Tá sé i gceist agam céim ollscoile a dhéanamh sa Ghaeilge agus sa Ghearmáinis agus ansin cur isteach ar phost mar aistritheoir i bParlaimint na hEorpa.

Liam: Bhuel, beidh seans an-mhaith agat, a Bhríd, ar cúpla fáth. Smaoinigh go mbeidh trí theanga ansin agat, Béarla, Gearmáinis agus Gaeilge. Cloisim freisin go bhfuil a lán folúntas ann do dhaoine ón tír seo le Gaeilge mhaith mar tá an Parlaimint ag cur leis na seirbhísí aistriúcháin sa Ghaeilge.

Bríd: Sin é an fáth a bhfuil mé ag obair chomh crua sin ar scoil a Liam. Tuigean na cailíní an tábhacht a bhaineann le pleanáil go fadtéarmach!

Comhrá a Dó (C)

Siobhán: An bhfuil d'aighe socraithe agat maidir le cúrsaí tríú leibhéal go fóill, a Mhichíl? Is é an 3ú Deireadh Fómhair an dáta deiridh do sheoladh na foirme CAO. An bhfuil sí líonta agat go fóill?

Micheál: Tá, a Shiobháin. Is í eolaíocht an bhia i gColáiste na hOllscoile, i mBaile Átha Cliath mo chéad rogha. Cad é do chéad rogha féin?

Siobhán: Roghnaigh mé an cúrsa traenála do mhúinteoirí bunscoile i Luimneach, a Mhichíl. Sin é an post ab fhearr liomsa, ag obair mar mhúinteoir bunscoile.

Micheál: Bhuel, a Shiobháin, tá súil agamsa a bheith ag obair mar chócaire i mbialann cháiliúil lá éigin. B'fhearr le m'athair go ndéanfainn staidéar ar an gcuntasáíocht ach.... bhuel is breá liomsa an chócaireacht.

Siobhán: Déan an t-ábhar a thaitníonn leat féin agus a bhfuil spéis agat ann, sin mo chomhairle duit. Thaitin an Eacnamaíocht Bhaile leatsa i gcónaí.

.....

Micheál: Thaitin a Shiobháin; bhí suim agam i gcónaí i mbia agus dúil mhór agam sa chócaireacht ó bhí mé an-óg.

Siobhán: An gcuireann sé isteach ort go bhféachtar ar an gcócaireacht mar ábhar do chailíní, a Mhichíl?

Micheál: Ní chuireann puinn, a Shiobháin. Ní fíor é sin níos mó. Tá scata buachaillí ag déanamh Eacnamaíocht Bhaile i mo scoilse. Rud eile, ta' a fhios ag an saol mór gur fir na príomhchócairí is fearr ar an teilifís!

Siobhán: Is fíor duit! Ach, dáiríre anois, nár cheart go mbeadh bunscileanna cócaireachta ag buachaillí?

Micheál: Cinnte, is ceart. Tá cairde agamsa agus ní féidir leo ubh a fhriochadh, a Shiobháin!

Siobhán: Bhuel, a Mhichíl, ba mhaith liomsa go mbeadh mo fhear céile ábalta an dinnéar a ullmhú!

Micheál: A dheabhail, a Shiobháin. Tugann sé sin an-seans dom leis na mná!

Comhrá a Trí (M)

Máire: Nárbh iontach an bua a rug an duine sin sa Lotto an tseachtain seo caite, a Sheáin? €20 milliún a bhuaigh sí.

Seán: Is suim ró-mhór airgid é, a Mháire d'aon duine amháin. Ba chóir an duais a roinnt nuair nach mbuaitear é ar feadh ceithre sheachtain nó níos mó.

Máire: Ní dhéanfar é sin riamh, a Sheáin. Nuair a bhíonn duais mhór mar sin ar fáil tugann sé poiblíocht iontach don Lotto náisiúnta.

Seán: Tá sin fíor gan amhras, a Mháire. Ach seo smaoineamh agamsa - mholfainnse 10 nduais ar dhá mhiliún an ceann seachas ceann mór amháin – nach dtabharfadh sé sin an phoiblíocht chéanna?

Máire: Ní dóigh liom é; ní hé sin an rud a deir na saineolaithe.

.....

Seán: Bhuel, cibé faoi sin ar fad a Mháire, ní féidir locht ar bith a fháil ar an gcaoi a chaitear airgead an Lotto. Faigheann clubanna agus scéimeanna sóisialta na milliúin gach bliain.

Máire: Is fíor duit, a Sheáin. Nach bhfuair an Club Leadóige ar an mbaile seo trí chéad míle euro ón Lotto anuraidh?

Seán: Fuair, agus ní mó ná sásta a bhí Cumann Lúthchleas Gael na Píarsaigh faoi sin, a Mháire. Ach seans gur shíl an Lotto go raibh an club sin saibhir go leor le ballraíocht ard agus áiseanna den scoth.

Máire: Tá sin fíor, a Sheáin. Meas tú an gcuirfidh an lagtrá eacnamaíochta isteach ar an éileamh a bheidh ar na ticéid sa Lotto? Seans nach mbeidh an t-airgead le spáráil ag daoine.

- Seán: Ó ní dóigh liom é. A mhalairt ar fad b'fhéidir. Leanfaidh daoine ag ceannach ticéad Lotto mar tá firinne sa seanfhocal i gcónaí: “mura gcuireann tú síol ní bhainfidh tú fómhar”!
- Máire: Ach nach bhfuil seanfhocal eile ann? : is ag súil le breith a chailtear an cearbhach!

Cuid C

Píosa a hAon (C)

D'eagraigh Coiste na Mac Léinn Gaeilge in Ollscoil na hÉireann Gaillimh maidin chaife ar an gCeathrú Rua le déanaí le hairgead a bhailiú do ionad sóisialta san áit. *Buaile Cheoinín* is ainm don ionad sóisialta seo. Is ionad é seo a chuireann áit chomhludair agus seirbhísí comhairle ar fáil do dhaoine fásta a bhfuil fadhbanna acu. Chuir mná tí an cheantair an caife agus an bia ar fáil saor in aisce agus bhailigh na mic léinn €1500 don togra. Bronnadh an seic ar an ionad sóisialta maidin Dé Céadaoin, an 3ú lá de Mheitheamh.

Píosa a Dó (M)

Tá Tomás Ó Murchú as na Gorta Dubha tar éis bád iascaigh nua a cheannach. I La Rochelle na Fraince a cheannaigh sé an bád seo agus seolfaidh sé go dtí an Daingean go luath é. Seo é an dara bád a bheidh ag Tomás mar go bhfuil an bád cáiliúil *Trasna na dTonnta* aige cheana féin. Tá sé ar intinn ag Tomás *Úna Bhán* a chur mar ainm ar an mbád nua. Tá an bád nua seo seachtó a sé troigh ar fad agus chosain sé a haon ponc a haon milliún euro. Cé go bhfuil deacrachtaí móra ag iascairí faoi láthair maidir le costas breosla agus cuótaí iasc tá dóchas ag Tomás go mbeidh rath ar an iascaireacht go luath arís.

Píosa a Trí (U)

Beidh scór post nua á gcur ar fáil ar an Chlochán Liath roimh dheireadh na bliana seo. Is in ollmhargadh nua a osclóidh Comharchumann an Chlocháin Léith a bheidh cúig cinn déag de na poist seo. Beidh cúig cinn eile á gcur ar fáil in ionad gnó nua a bheidh suite in aice an ollmhargaidh. Bunaíodh Comharchumann an Chlocháin Léith sa bhliain 1906 agus tá an pobal ag baint leasa as ó shin. Faoi láthair tá brainsí éagsúla an Chomharchumainn ar fud an Iarthuaiscirt agus 120 duine ar fad fostaithe ann.

Sin Deireadh na Trialach!

